

**Breithiúnas na Cúirte (an Dara Dlísheomra) an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas – an Liotuáin) – UB v Kauno teritorinė muitinė**

(Cás C-489/20) <sup>(1)</sup>

*(Tarchur chun réamhrialú – Cód Custaim an Aontais – Múchadh fiachais custaim – Earraí a thugtar isteach go neamhdhleathach i gcríoch custaim an Aontais – Urghabháil agus coigistiú – Treoir 2008/118/CE – Dleachtanna máil – Treoir 2006/112/CE – Cáin bhreisluacha – Teagmhas inchánach – Inmhuirireacht)*

(2022/C 213/13)

Teanga an cháis: an Liotuáinise

**An chúirt a rinne an tarchur**

Lietuvos vyriausiasis administracinis teismas

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

Iarratasóir: UB

Cosantóir: Kauno teritorinė muitinė

i láthair: Muitinės departamentas prie Lietuvos Respublikos Finansų ministerijos

**An chuid oibríochtúil**

- 1) Ní mór Airteagal 124(1)(e) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais a léirmhíniú sa chaoi sin go bhfuil an fiach custaim múchta nuair a dhéantar earraí a urghabháil agus a choigistiú tar éis iad a thabhairt isteach go neamhdhleathach iad i gcríoch custaim an Aontais Eorpaigh.
- 2) Ní mór Airteagal 2(b) agus Airteagal 7(1) de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na rialacha ginearálta maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE, chomh maith le hAirteagal 2(1)(a)(d) agus Airteagal 70 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha, a léirmhíniú sa chaoi sin nach bhfuil sé i gceist leis an bhfiach custaim a mhúchadh ar an gcúis dá bhforáiltear in Airteagal 124(1)(a)(e) de Rialachán Uimh. 952/2013, fiacha a bhaineann le dleachtanna máil agus cáin bhreisluacha ar earraí a tugadh go mídhleathach isteach i gcríoch custaim an Aontais Eorpaigh, faoi seach, a mhúchadh.

<sup>(1)</sup> IO C 433, 14.12.2020

**Breithiúnas na Cúirte (an Ceathrú Dlísheomra) an 7 Aibreán 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Nederlandstalige Ondernemingsrechtbank Brussel – an Bheilg) – Q, R, S v United Airlines, Inc.**

(Cás C-561/20) <sup>(1)</sup>

*(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompair – Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 – Rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfead eitilt ar ceal nó i gcás ina gcuirfead moill fhada orthu – Eitilt nascála ina bhfuil dhá mhír eitilte – Moill fhada ar an gceann scríbe mar gheall ar mhoill sa dara cuid den eitilt sin idir dhá aerfort i dtríú tír – Bailíocht an rialacháin seo faoin dlí idirnáisiúnta)*

(2022/C 213/14)

Teanga an cháis: an Ollainnis

**An chúirt a rinne an tarchur**

Nederlandstalige Ondernemingsrechtbank Brussel